**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

# An Chroíchonair Bus ó Belfield/an Charraig Dhubh go Lár na Cathrach

## Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí

Tá sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an "**tÚdarás**") an Scéim Croíchonaire Bus ó Belfield/an Charraig Dhubh go Lár na Cathrach (an "**Scéim Bheartaithe**") a chur i gcrích.

Tá an Scéim Croíchonaire Bus ó Belfield/an Charraig Dhubh go Lár na Cathrach comhdhéanta de dhá phríomhailíniú maidir leis an mbealach a leanfaidh sí, ón gCarraig Dhubh go Lár na Cathrach agus feadh Lána Nutley. Tosóidh an chuid den bhealach ón gCarraig Dhubh go Lár na Cathrach ar bhóthar an R113 ag Cnoc an Teampaill, thart ar 80 m ó thuaidh ó Bhóthar Shráid an tSrutháin (bóthar an R827), agus taistealóidh sí feadh Bhóthar Frascati (bóthar an N31), feadh Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean/Bhóthar Pheambróg (bóthar an R118) agus ansin feadh Bhóthar Pheambróg/Shráid Bhagóid Uachtarach/Shráid Bhagóid Íochtarach (bóthar an R816). Casfaidh sí isteach ar Shráid Mhic Liam Íochtarach ansin sula gcríochnóidh sí ag an acomhal idir Sráid an Mhóta Uachtarach, Cearnóg Mhuirfean Theas agus Cearnóg Mhuirfean Thoir. Tosóidh cuid Lána Nutley den Scéim Bheartaithe ag an nasc leis an acomhal soilsithe ar bhóthar Stigh Lorgan (bóthar an R138) ar an gceann theas de Lána Nutley, taistealóidh sí feadh Lána Nutley agus críochnóidh sí ag an acomhal le Bóthar Mhuirfean (bóthar an R118). Tá an Scéim Bheartaithe, lena soláthrófar saoráidí leithscartha rothaíochta, bonneagar tosaíocht bus agus saoráidí níos fearr do choisithe, suite laistigh de limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Ordaíodh do Scott Cawley Limited Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí a ullmhú don Scéim Bheartaithe chun breithniú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar cé acu is dóigh nó nach dóigh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus ar chuspóirí caomhantais an láithreáin Eorpaigh/na láithreán Eorpach (atá pléite tuilleadh thíos), go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

Fuair an tÚdarás an Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí agus léigh sé í. Rinne sé breithniú ar a bhfuil inti agus ar na conclúidí agus ar an moladh atá leagtha amach inti. Tar éis dó an méid sin a dhéanamh, comhaontaíonn an tÚdarás leis na conclúidí agus leis an moladh atá leagtha amach sa Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí.

### Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí

Chinn an tÚdarás gur gá Measúnacht Chuí a dhéanamh ar an Scéim Bheartaithe toisc gurb amhlaidh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch oibiachtúil, nach féidir leis an Údarás, tar éis dó scagadh a dhéanamh, neamhaird a thabhairt ar an bhfíoras go dtarlóidh sé, in éagmais maolaithe, go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar na 18 láithreán Eorpacha seo a leanas (sé limistéar caomhantais speisialta agus 12 limistéar cosanta speisialta) i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán sin:-

1. Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh;
2. Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas;
3. Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair;
4. An Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse;
5. Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann;
6. Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin;
7. Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair;
8. Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse;
9. Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla;
10. Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla;
11. Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann;
12. Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin;
13. Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde;
14. Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill;
15. Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir;
16. Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí;
17. Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann; agus,
18. Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí.

Rinne an tÚdarás an cinneadh sin tar éis breithniú a dhéanamh ar an timpeallacht éiceolaíoch bhonnlíne agus ar mhéid agus saintréithe na Scéime Beartaithe agus tar éis na tionchair fhéideartha seo a leanas a shainaithint:

- Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige;
- Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair aercháiliochta; agus
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin.

Tá tuilleadh mionsonraí tugtha thíos faoi gach ceann de na tionchair fhéideartha a sainaithníodh.

**<u>Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige</u>**

Ritheann an Scéim Bheartaithe díreach feadh dhá láithreán Eorpacha aonair, mar atá: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas ag Geataí Mhuirfean agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann ag Riasc Bhaile an Bhóthair. Forluíonn teorainn na Scéime Beartaithe le teorainneacha an Limistéir Caomhantais Speisialta agus an Limistéir Cosanta Speisialta faoi 2.7 $m^2$ agus faoi 4.3 $m^2$ faoi seach. In áiteanna a bhforluíonn teorainn an

Limistéir Caomhantais Speisialta le limistéir theorann an iarratais ar an Scéim Bheartaithe, cuimsíonn an mionlimistéar forluite sin dromchlaí crua-sheasta atá ann cheana, ar limistéir iad lena mbaineann íseal-luach éiceolaíoch agus nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir. Cuirfear dromchla bóthair nua – i.e., dromchla a bheidh coibhéiseach lena gcaillfear – in áit na limistéar crua-sheasta atá ann cheana a n-imreofar tionchar orthu. I gcás Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, níl sa limistéar forluite, ina bhfuil thart ar 4.3 $m^2$, aon ghnáthóg bhogaigh nó mhuirisce dá bhfuil an láithreán ainmnithe. Níl an láithreán forluite ina ghnáthóg thábhachtach bhogaigh do speicis éan geimhrithe ach oiread, rud a deimhníodh le linn suirbhéanna ar éin gheimhrithe.

San am i láthair, níl na gnáthóga laistigh de limistéir fhorluite an Limistéir Caomhantais Speisialta/an Limistéir Cosanta Speisialta ina ngnáthóga is leasanna cáilitheacha ná ina ngnáthóga ar a dtéann speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid na ngnáthóg in aice láimhe ar thóir foráiste nó ar an bhfara, ar a ligeann siad a scíth nó ar a ndéanann siad comaitéireacht.

Cé go bhfuil forluí beag ann le teorainneacha Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, mar sin, ní fhorluíonn teorainn na Scéime Beartaithe le haon ghnáthóga is gnáthóga Iarscríbhinn I atá liostaithe mar Leas Cáilitheach de chuid an Limistéir Caomhantais Speisialta ná le haon ghnáthóga a meastar go dtacaíonn siad le speicis is leasanna caomhantais speisialta de chuid na Limistéar Cosanta Speisialta nó go n-imríonn siad tionchar ar chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach sin ná aon láithreán Eorpach eile.

Mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe, caillfear go buan láithreáin atá oiriúnach do thacú le faoileáin ghoir agus le speicis éan geimhrithe ag Páirc na Carraige Duibhe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchair (bheaga) a bheith ann ar speicis is leasanna caomhantais speisialta de chuid Limistéar Cosanta Speisialta mar thoradh ar chaillteanas/scoilteadh gnáthóige. Fágann sé sin go bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn.

**<u>Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha</u>**

Tá an Scéim Bheartaithe nasctha go hidreolaíoch le Cuan Bhaile Átha Cliath tríd an Dothra_050, trí Shruth na Grúdlainne_010, tríd an gCanáil Mhór, trí riasc Bhaile an Bhóthair agus trí Shruth Nutley, mar aon le gréasán idirnasctha seanbhunaithe píobán dromchla nó gréasán comhcheangailte píobán séarachais/uisce dromchla. Maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce sa timpeallacht uisceach glactha. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeadh eachtra/eachtraí an-substaintiúil ag teastáil chun cainníochtaí den sórt sin a ghiniúint, rud nach dóigh dó tarlú. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le heachtra fhéideartha truaillithe den sórt sin: scaoileadh dríodair isteach in uiscí glactha agus méadú iarmhartach i solaid shlógtha chrochta; agus doirteadh agus/nó ligean éilleán de thaisme isteach in uiscí glactha. Cé go bhféadfadh eachtra den sórt sin tarlú ag aon am le linn na tógála, d'fhéadfaí an scéal sin a dhéanamh níos measa de bharr fásra a bhaint. In éagmais maolaithe, d'fhéadfaí na héifeachtaí a bhaineann le laghdú i gcáilíocht an uisce dromchla a bhrath píosa maith síos an abhainn ón bpointe scaoilte nó ó láthair na heachtra truaillithe de thaisme. Ina haonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce, d'fhéadfadh eachtra sách mór den sórt sin an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach síos an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse).

Sa chás féideartha is measa, is amhlaidh, maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, go bhféadfadh siad difear a dhéanamh freisin do speicis éan is leasanna caomhantais speisialta agus do speicis mamach is leasanna cáilitheacha a dhéanann comaitéireacht, a théann ar thóir foráiste agus a ligeann a scíth ag Riasc Bhaile an Bhóthair agus Cuan Bhaile Átha Cliath, i.e., éin a bhaineann le Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí agus mamaigh mhuirí a bhaineann leis an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse agus Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú sin i gcáilíocht an uisce (ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú gnáthóg íogair atá i láthair síos an abhainn, rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do na speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a théann ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ar na gnáthóga sin. D'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh do chainníocht agus cáilíocht na creiche atá ar fáil do phobail is leasanna caomhantais speisialta agus is leasanna cáilitheacha freisin. Sa chás is measa, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar na tionchair fhéideartha sin ná an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, an Limistéir Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse agus Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann.

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú gnáthóige agus le héifeachtaí ar na speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid láithreán Eorpach mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn.

**Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha**

Is an-athraitheach atá an acmhainneacht go dtiocfadh tionchair hidrigeolaíocha chun cinn, agus í ag brath ar chineál na n-oibreacha beartaithe ag láithreacha sonracha agus ar dhálaí talún na timpeallachta glactha. Ní mheastar go síneann Crios Tionchair hidrigeolaíoch neamh-mhaolaithe na Scéime Beartaithe chuig aon éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce atá nasctha le láithreáin Eorpacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé síneadh go gnáthóg bhogaigh Riasc Bhaile an Bhóthair, ar comhghné í de Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann.

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú gnáthóige ina dtacaítear leis na speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid láithreáin Eorpaigh mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn ina leith sin.

**Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh**

Tá limistéar aonair glaschreamha (*Allium triqetrum*) suite laistigh den Scéim Bheartaithe nó i ndlúthghaireacht di. Tá an speiceas sin liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha. Is eol go bhfuil dara speiceas neamhdhúchasach féir corraigh (*Spartina anglica*) le fáil sa limistéar áitiúil, agus é suite ar láib nochta laistigh de na codanna sailíne de riasc Bhaile

an Bhóthair. Tá an speiceas cósta sin, a bhíonn comhcheangailte go minic le gnáthóga muirisce, suite lasmuigh de lorg coise na Scéime Beartaithe. In éagmais maolaithe, tá acmhainneacht ann go leathfadh an speiceas sin nó speicis ionracha eile, nó go dtabharfaí isteach iad, le linn oibreacha tógála agus/nó oibreacha gnáthchothabhála/bainistíochta a dhéanamh ar limistéir thalún agus ghnáthóige i láithreáin Eorpacha síos an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann). Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin ná na gnáthóga atá ann cheana a dhíghrádú agus, ar an tslí sin, an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach sin.

**Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair aercháilíochta**

D'fhéadfadh go mbeadh laghdú ann in aercháilíocht i ngarchomharsanacht na n-oibreacha tógála don Scéim Bheartaithe mar thoradh ar shil-leagan deannaigh a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála. Áirítear leis sin laghdú i bhfótaisintéis mar gheall ar phlúchadh plandaí de bharr deannaigh agus mar gheall ar athruithe ceimiceacha in ithreacha, amhail aigéadacht. Ina theannta sin, is féidir le hastaíochtaí ó sceithphíopaí cairr agus le sil-leagan ábhair cháithnínigh agus miotal trom ó innill, ó choscáin agus ó chaitheamh boinn cur le sil-leagan truailleán amhail ocsaídí nítrigine (NOx, NOs), comhdhúile orgánacha so-ghalaithe, ábhar cáithníneach, miotail throma agus amóinia ($NH_4$) i gcomharsanacht carrbhealaigh. Is féidir leis sin difear a dhéanamh do na héiceachórais agus don fhásra atá i láthair, agus tionchar á imirt ar rátaí fáis plandaí agus ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speiceas.

Tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú os cionn 1,000 feithicil ar an Meántrácht Bliantúil Laethúil ar Bhóthar na Carraige. Tá sé sin suite i gcóngar Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann. Mar sin, d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú gnáthóige na speiceas/na ngnáthóg is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann le linn Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe.

**Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin**

Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar mhéadú sealadach agus/nó buan i leibhéil torainn, tonnchreatha agus/nó ghníomhaíocht an duine le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe ná cur isteach ar na speicis fána atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe agus/nó na speicis sin a dhíláithriú. I dteannta Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, atá suite díreach i gcóngar na Scéime Beartaithe ag Riasc Bhaile an Bhóthair, tá roinnt limistéar cosanta speisialta suite réasúnta gar don Scéim Bheartaithe, ar limistéir iad atá ainmnithe do speicis is leasanna caomhantais speisialta arb eol go dtéann siad ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ag láithreáin intíre, amhail páirceanna imeartha ar fhéarach taitneamhachta, i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin agus Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, mar aon le Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí (cé gur cianláithreán atá suite lasmuigh den ghnáthraon 20 km é Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, tacaítear ann le cadhain agus le roinnt speiceas eile is leasanna caomhantais speisialta a thaifeadtar ó Chuan Bhaile Átha Cliath).

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe cur isteach ar na speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh nó na speicis sin a dhíláithriú, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn i gcomhar le gníomhaíochtaí/pleananna/tionscadail eile.

**Achoimre**

Maidir leis na tionchair hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha, na tionchair ar speicis ionracha neamhdhúchasacha, na tionchair aercháiliochta agus na tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe, tá acmhainneacht acu difear a dhéanamh don timpeallacht glactha agus, dá bharr sin, do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis na leasanna cáilitheacha/na leasanna caomhantais speisialta de chuid aon láithreáin Eorpaigh/láithreán Eorpach. Dá bhrí sin, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an acmhainneacht atá ag an Scéim Bheartaithe éifeachtaí suntasacha dóchúla a bheith aici ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

**Éifeachtaí i gcomhcheangal**

D'fhéadfadh forbairtí atá beartaithe nó atá deonaithe, nó forbairtí a chuirfear chun feidhme faoi raon pleananna úsáid talún nó faoi phleananna eile, a bheith suite laistigh de láithreáin Eorpacha nó a bheith suite laistigh de láthair ina bhféadfadh siad teacht faoi chrios tionchair láithreán Eorpach a thagann freisin faoi chrios tionchair na Scéime Beartaithe.

I measc na bpríomhthionscadal forbartha a bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal a bheith acu de bharr a méide, a gcineáil agus/nó a láithreach tá Scéimeanna eile Croíchonairí Bus, MetroLink, uasghráduithe ar an mbonneagar iarnróid nó bonneagar nua iarnróid, agus bonneagar fóntais, lena n-áirítear feabhas beartaithe nó toilithe ar fhóntais uisce.

Maidir leis an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh éifeachtaí i gcomhcheangal chun cinn idir na pleananna agus na tionscadail sin agus an Scéim Bheartaithe, tagann sí as na conairí céanna le haghaidh éifeachtaí féideartha, mar atá sainaitheanta don Scéim Bheartaithe (i.e., éifeachtaí hidreolaíocha, éifeachtaí ar speicis ionracha, éifeachtaí aercháiliochta agus éifeachtaí cur isteach agus díláithriúcháin). Is éifeachtaí iad sin a d'fhéadfadh gníomhú i gcomhcheangal le héifeachtaí agus conairí den chineál céanna a thiocfaidh as na pleananna éagsúla.

Dá bhrí sin, ní féidir an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh na héifeachtaí seo a leanas chun cinn i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile a chur as an áireamh:

- Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige (mar shampla, láithreáin Eorpacha atá i mbaol caillteanais ghnáthóige *ex situ* ag Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí);
- Díghrádú/éifeachtaí gnáthóige ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha (mar shampla, laghdú i gcáilíocht an uisce i ndobharcheantair a dhraenálann chuig Cuan Bhaile Átha Cliath, rud a dhéanann difear do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis uisceacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Inis

Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí);

- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar thionchair aercháiliochta (mar shampla, tá Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas suite i gcóngar Bhóthar na Carraige, atá i mbaol sreafaí méadaithe tráchta de bharr na Scéime Beartaithe); agus
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin (mar shampla, láithreáin bheathaithe intíre *ex situ* a bhíonn in úsáid ag speicis éan geimhrithe is leasanna caomhantais speisialta laistigh de Chrios Tionchair cur isteach féideartha na Scéime Beartaithe i Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí.

**<u>Conclúidí an Phróisis Measúnachta Scagtha</u>**

Tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, agus trí phrionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm, is féidir teacht ar an gconclúid gurb amhlaidh, in éagmais maolaithe, go bhféadfadh an tionscadal ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile éifeachtaí suntasacha a bheith aige ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas mar thoradh ar chaillteanas agus scoilteadh gnáthóige, tionchair hidreolaíocha, tionchair ar speicis ionracha, tionchair aercháiliochta agus tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh; Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas; Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair; an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse; Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann; Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin; Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair; Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse; Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla; Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla; Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann; Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin; Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde; Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill; Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir; Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí; Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann; agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí.

Sular thángthas ar an gconclúid sin, rinneadh breithniú iomlán ar chineál an tionscadail agus ar a chaidreamh féideartha le gach láithreán Eorpach laistigh den chrios tionchair agus ar chuspóirí caomhantais na láithreán sin.

D'iarr an tÚdarás go ndéanfaí Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú agus a thabhairt chun críche lena chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála i gcomhar le hiarratas ar cheadú don Scéim Bheartaithe.

Tá an cinneadh seo ar fáil lena iniúchadh ag Oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 WT20, agus ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie.

Sínithe: ______________________

Le haghaidh agus thar ceann Bhord Chlár BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair

Dátaithe:- [ 13th April 2022 ]